

**COMHAIRLE CHONTAE LUGHAÍ**

**LOUTH COUNTY COUNCIL**



**CONTAE LUGHAÍ**

**(TEORAINNEACHA LUAIS BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA)**

**FODHLÍTHE 2005**

# CONTAE LUGHAÍ

## TEORAINNEACHA LU AIS BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA

### FODHLÍTHE 2005

Déanann Comhairle Chontae Lugháí i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a bronnadh orthu ag alt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004 (Uimh. 44 de 2004), agus le cead an Údarás um Bóithre Náisiúnta, leis seo na fodhlíthe seo a leanas i ndáil le limistéar a chuimsíonn limistéar feidhmiúil Chontae Lugháí, lena n-áirítear Comhairle Buirge Dhroichead Átha, Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia.

Gearrtheideal 1. Féadfar Fodhlíthe Teorainneacha Luais Bhóithre Réigiúnacha Chontae Lugháí, 2005 a thabhairt ar na fodhlíthe seo.

Tosach feidhme 2. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an 6ú lá Eanáir, 2006.

Léiriú 3. Sna fodhlíthe seo:

ciallaíonn “Acht 1963” an tAcht um Bóithre, 1993 (Uimh. 14 de 1993);

ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004);

tá ag “limistéar faoi fhoirgnimh” an bhrí a shanntar dó ag Acht 2004

ciallaíonn “fad” fad mar a thomhastar é feadh lárline bóthair;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Iompair;

tá ag “mótarbhealach” an bhrí a shanntar dó ag Acht 1993;

tá ag “bóthar náisiúnta” an bhrí a shanntar dó ag Acht 1993;

ciallaíonn “bóthar imlíneach” bóthar ar agus feadh mótarbhealaigh a ritheann teorainn limistéir faoi fhoirgnimh tadhlaigh leis;

ciallaíonn “bóthar” bóthar poiblí agus áirítear air mótarbhealach;

4. Caoga ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Chéad Sceideal leis na fodhlíthe seo.
5. Seasca ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Dara Sceideal leis na fodhlíthe seo.
6. Ochtó ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Tríú Sceideal leis na fodhlíthe seo.
7. 100 ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Cheathrú Sceideal leis na fodhlíthe seo.
8. Céad fiche ciloméadar san uair a bheidh an teorainn luais speisialta do fheithiclí innealghluaiste ar na bóithre agus mótarbhealaí arna sonrú sa Chúigiú Sceideal leis na fodhlíthe seo.

# **AN CHÉAD SCEIDEAL**

**Níorbh ann**

# **AN DARA SCEIDEAL**

**Níorbh ann**

## AN TRÍÚ SCEIDEAL

### Níorbh ann

## AN CEATHRÚ SCEIDEAL

Bóithre agus mótarbhealaí i gContae Lúghaí a n-ordaítear teorainn speisialta luais de 100 ciloméadar san uair i ndáil leo.

1. An bóthar ó Dhún Dealgan go dtí an Grianfort, Bóthar Réigiúnach R173, idir a acomhal leis an mBóthar ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste ag timpeallán Bhaile Mhic Scarláin agus point 117 soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar an Riasca (LS-7088-0), Baile na Lurgain;

agus

Idir pointe 200 méadar siar óna acomhal le Bóthe Bhaile Sheinicín, Baile na Lurgain agus pointe 55 méadar siar óna acomhal le Bóthar Áth an Locháin (LT-70833-0), Baile Sheinicín;

agus

Idir pointe 35 méadar siar óna acomhal le Bóthar Bhaile Mhic Dhónaill (LS-7078-0) agus a acomhal le Bóthar Réigiúnach R175 ag Bush.

2. Bóthar Dhún Dealgan go dtí an Grianfort, Bóthar Réigiúnach R175, idir a acomhal le Bóthar Réigiúnach R173 agus point 490 méadar siar ó dheas óna acomhal Sráid Euston.
3. An bóthar ón nGrianfort go Cairlinn, Bóthar Réigiúnach R176, idir a acomhal le Bóthar Réigiúnach R175 ag Tobar Shéamais agus pointe 46 méadar siar ó dheas óna acomhal le Bóthar an Chóste (LS-7065-0) ag Loch Shilties.
4. An bóthar ó Dhroichead Átha go Dún Dealgan, Bóthar Réigiúnach R132 idir pointe 50 méadar ó thuaidh dá acomhal le Bóthar Thigh an Iúir (LS-6292-0) ag Mainistir Bhuithe agus pointe 80 méadar ó dheas dá acomhal le Bóthar Collonn (Bóthar Réigiúnach R169) ag Woodlands.

agus

Idir pointe óna acomhal le Bóthar Réigiúnach R221 ag Ceapóg go point 115 méadar ó dheas dá acomhal le Bhóthar Áth na gCasán (LS-6217-0) i gCill Sáráin.

agus

Idir pointe ó phointe 220 méadar ó thuaidh den Chros Cuimhneacháin Cheilteach i gCaisleán an Ghearlánaigh agus pointe 160 méadar ó dheas dá acomhal le Bóthar na gCreagacha Dubha (Bóthar Réigiúnach R172) ag Cros Greengates.

5. Bóthar Réigiúnach R211, idir a acomhal le Bóthar Réigiúnach R170 ag Baile Ardach agus a acomhal leis an mBóthar Réigiúnach R132 ag Ceapóg.

# **AN CÚIGIÚ SCEIDEAL**

**Níorbh ann**